**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2007

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

# CEOL – ARDLEIBHÉAL
## ÉISTEACHT – ÉIGEANTACH (100 marc)
## DÉARDAOIN 21 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 11.00

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na Marcanna

| CEIST | MARC |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| IOMLÁN | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

- *Scríobh do scrúduimhir, mar a iarrtar, sa bhosca thuas.*
- *Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach le sliocht na trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, labhair leis an bhFeitheoir anois.*
- *Éist go dtí go gcloiseann tú an ghíog rabhaidh agus na fógraí ar an taifeadadh.*
- *Tá sé ceadaithe do chuid freagraí a scríobh nuair is mian leat, le linn an taifeadta nó le linn na sosanna.*
- *Scríobh do chuid freagraí ar fad sa fhreagarleabhar seo sna spásanna atá ann dóibh. I gceisteanna a bhfuil rogha iontu, cuir tic sa bhosca cuí.*
- *Bain leas as na spásanna laistigh den chlúdach cúil le haghaidh sracoibre.*
- *Ná tabhair aon pháipéir eile isteach leat i halla an scrúdaithe.*
- *Níl sé ceadaithe aon fhocal a rá, cnagadh, crónán ná canadh a dhéanamh le linn an scrúdaithe seo.*


**C. 1** Sliocht as an gCantáid, *Jesu, der du meine Seele* le Bach.

- Ní sheinnfear an sliocht ina iomláine ach AON UAIR AMHÁIN. Seinnfear ansin na ranna A, B agus C, a baineadh as an sliocht seo, TRÍ huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna ar leathanach 3.

**Roinn A, Barraí 1–8**




**Roinn B, Barraí 17–26**




**Roinn C, Barraí 26–53. Níl aon cheol clóbhuailte ann don chuid seo.**

**Roinn A, Barraí 1–8.**

(i) Cén ghluaiseacht as ar baineadh an sliocht seo? ____________________________

(ii) Sainaithin an ghaothuirlis ar a seinntear an tséis sa chuid seo.

____________________________

Luaigh dhá ghné den cheol Barócach is féidir a chloisteáil **sa tséis seo**.

1. ______________________ 2. ______________________

(iii) Sainaithin an dúnadh ag X (barra 8). Ná bain leas as siombailí corda ná as uimhreacha Rómhánacha.

____________________________

**Roinn B, Barraí 17–26.**

(i) Sainaithin an cineál gutha a chloistear sa roinn seo. ____________________________

(ii) Cén barra ina gcloistear na téaduirlisí (veidhlíní agus viólaí) den chéad uair sa roinn seo?

____________________________

Is é an figiúr rithimeach a sheinntear ar na téaduirlisí sa bharra seo ná



(iii) Cuir isteach na ceithre nóta séise atá ar iarraidh ag Y ar an scór (barra 23).

**Roinn C, Barraí 26–53. Níl aon cheol clóbhuailte ann don roinn seo.**

(i) Mínigh an téarma ‘ritornello’.

__________________________________________________

(ii) Déan cur síos ar an úsáid ar leith a bhaineann Bach as ritornello **sa roinn seo**.

__________________________________________________

__________________________________________________

(iii) Sainaithin dhá ghné de **líne an ghutha** sa roinn seo.

1. ______________________ 2. ______________________

(iv) Le linn na gluaiseachta seo, léitear an continuo ó líne an doird a bhfuil figiúirí faoina bun. Mínigh.

__________________________________________________

__________________________________________________

**(25)**

**C. 2** Seinnfear sliocht as *Ceathairéad Uimh. 1 don Phianó* le Gearóid de Barra TRÍ huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Tá 35 barra sa sliocht ina iomláine. Tá scór imlíneach na mbarraí 1–17 as an sliocht clóbhuailte thíos.



- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Cá háit sa saothar ina gcloistear an sliocht seo? _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Sainaithin an dá uirlis a sheinntear sna barraí 1–17. Déan cur síos achomair ar an gceol a sheinntear ar gach uirlis díobh faoi seach.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Déan cur síos ar uigeacht an tsleachta ina **iomláine**.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iv) Cuir isteach na hamchomharthaí atá ar iarraidh ar an scór sna barraí 6 agus 7.

(v) Déan cur síos ar an gceol a thagann go díreach **i ndiaidh** an tsleachta seo sa saothar.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**C. 3** Seinnfear sliocht as *Boheminan Rhapsody* le Freddie Mercury TRÍ huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Tá na liricí oscailte clóbhuailte thíos.

B♭ (I)

1. Too late, my time has come,

2. Sends shivers down my spine, body's aching all the time.
3. Goodbye, everybody, I've got to go,
4. Gotta leave you all behind and face the truth.
5. Mama, ooh, I don't want to die,
6. I sometimes wish I'd never been born at all.

*Idircheol uirlise*

- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Sainaithin agus déan cur síos ar stíl an cheoil a chloistear sa sliocht seo.

Stíl _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Cur Síos _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Is é seo a leanas seicheamh na gcordaí le haghaidh na línte 1 agus 2 sa sliocht seo:

B♭ (I)      Gm (vi)      Cm (ii)      F (V)

Tugtar an chéad chorda, B♭ (I). Cuir isteach na trí chorda eile sna hionaid chuí sna liricí thuas.

(iii) Déan cur síos ar shampla d'fhocaldathú sa sliocht seo. Bíodh tagairt agat do na liricí i do fhreagra.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iv) Cén chaoi a bhfuil an ceol sna línte 5–6 éagsúil leis an gceol sna línte 1–4?

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(v) Sainaithin dhá ghné den idircheol uirlise a chloistear ag deireadh an tsleachta seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**C. 4** Seinnfear sliocht as *Réamhcheol Fantaise Romeo agus Juliet* le Tchaikovsky TRÍ huaire.

- Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Tá scór imlíneach na mbarraí 1–8 as an sliocht clóbhuailte thíos.



- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

(i) Cén chuid den saothar as ar baineadh an sliocht seo?

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Sainaithin **dhá** uirlis ar a seinntear an tséis sna barraí 1–8 sa sliocht seo.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ 2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Déan cur síos ar an gcuntrashéis sna barraí 1–8 sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iv) Sainaithin **dhá** athrú sa cheol ó bharra 9 amach.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(v) Déan cur síos ar dhá dhifríocht idir seinm **seo** an téama agus an **chéad uair** a chloistear é sa Réamhcheol.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**(10)**

**LEATHANACH BÁN**

**C. 5 Ceol Gaelach.** Freagair A agus B. Tabhair faoi deara go bhfuil rogha ceisteanna in B.

**A.** Cloisfidh tú TRÍ shliocht. Seinnfear gach ceann díobh TRÍ huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.

**Sliocht 1**

(i) Sainaithin agus déan cur síos ar stíl an chóirithe seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Cé acu **dhá** cheann de na gnéithe seo a leanas is féidir a chloisteáil sa sliocht?

❒ 7ú maolaithe ❒ nóta deireanach athdhéanta ❒ ornáidiú

❒ rithim shaor ❒ ton srónach ❒ dordán

(iii) Agus tú ag baint úsáide as litreacha, scríobh síos foirm an véarsa. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Sliocht 2**

(i) Sainaithin an cineál foinn a chloistear sa sliocht seo. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Sainaithin na **trí** uirlis ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ 2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ 3. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Sainaithin **trí** ghné de cheol traidisiúnta na hÉireann is féidir a chloisteáil sa sliocht seo.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

3. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Sliocht 3**

(i) Sainaithin cineál agus amchomhartha an fhoinn damhsa a chloistear sa sliocht.

Damhsa: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ Amchomhartha: _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Sainaithin an **dá** uirlis ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ 2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) Déan cur síos ar **dhá** ghné den chineál damhsa seo.

1. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**B.** Freagair aon cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(i) Pléigh stíleanna réigiúnacha i gceol uirlise traidisiúnta na hÉireann. Bíodh tagairtí agat, i do fhreagra, do shamplaí ceoil ar leith* agus do cheoltóirí, mar is cuí.

**nó**

(ii) Pléigh traidisiún an bhanna céilí i gcomhthéacs cheol traidisiúnta na hÉireann.

**nó**

(iii) Pléigh traidisiún na cláirsí in Éirinn. Bíodh tagairtí agat, i do fhreagra, do chláirseoirí agus do shamplaí ceoil ar leith,* de réir mar is cuí.

**nó**

(iv) Scríobh cuntas ar ghrúpa uirlise ceoil a bhfuil staidéar déanta agat air i gcomhthéacs cheol traidisiúnta na hÉireann. Bíodh tagairtí agat, i do fhreagra, do shamplaí ceoil ar leith* agus do cheoltóirí, de réir mar is cuí.

*Is féidir a áireamh mar shamplaí ceoil ar leith: ainmneacha dréachtaí nó amhrán, athfhriotail cheoil, foilseacháin.


**(25)**

**C. 6 Scileanna Éisteachta.** Tá an cheist seo bunaithe ar DHÁ leagan de *Your Song* le hElton John.

- Seinnfear an ceol i ngach roinn TRÍ huaire. Tá sos fiche soicind ann idir gach babhta seanma den cheol sa cheist seo.
- Freagair na ceisteanna ar gach cuid.

**Roinn A**

- Tá scór gutha imlíneach Véarsa 1 clóbhuailte thíos.




(i) Cé mhéad barra ceoil a sheinntear san iontreoir sula dtagann an guth isteach?

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

Cén gléas inar scríobhadh an ceol?

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) Cuir ciorcal thart ar an áit sa scór thuas ina bhfuil difear idir an **líne ghutha** a chloistear sa sliocht agus an scór clóbhuailte.

(iii) Déan cur síos ar an tionlacan sa sliocht seo.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iv) Sainaithin an dúnadh ag X. Ná bain leas as siombailí corda ná as uimhreacha Rómhánacha.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

**Roinn B**

- Tá liricí Véarsa 2 clóbhuailte thíos.

  If I were a sculptor, but then again no,
  Or a man who makes potions in a travelling show,
  I know it's not much, but it's the best I can do,
  My gift is my song, and <u>this one's for you.</u>

(i) Sainaithin slí amháin ina bhfuil an tionlacan i Véarsa 2 éagsúil leis an tionlacan i Véarsa 1.

______________________________________________

______________________________________________

(ii) Sainaithin gné rithimeach amháin de líne an ghutha sa roinn seo.

______________________________________________

(iii) Is í an tséis a ghabhann leis na focail 'this one's for you' a bhfuil líne fúthu sna liricí thuas ná

❒  ❒  ❒ 

**Roinn C**

- Leagan eile de *Your Song*. Níl aon cheol clóbhuailte ann don chuid seo.

(i) Déan cur síos ar an gceol a chloistear sa sliocht seo faoi gach ceann de na ceannteidil a leanas.

**Stíl:** ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**Ionstraimíocht:** ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**Uigeacht:** ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**(20)**

**LEATHANACH BÁN**